Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 39
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird 43
Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Stocshealbhóirí
Bhord Soláthair an Leictreachais 44
Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta 45
Cuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa 49
Clár Comhardaithe an Ghrúpa 50
Máthair Chlár Comhardaithe 51
Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Iomlán Aitheanta 52
Ráiteas Grúpa faoi Shreabhadh Airgid 53
Nótaí do na Ráitis Airgeadais 54
Aguisíní 86

Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cuireann Comhaltaí an Bhoird a dtuarascáil i láthair i dteannta cuntais iniúchta airgeadais maidir leis an Máthair Chuideachta agus don Ghrúpa don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2003.

Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí Ghrúpa BSL giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar leictreachais. Feidhmíonn an Grúpa go hidirnáisiúnta freisin, i ngníomhaíochtaí gaolmhara.

Athbhreithniú ar an nGnó agus ar Fhorbairtí Amach Anseo

Tá tráchtaireachtaí ar an bhfeidhmíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003 lena n-áirítear eolas ar imeachtaí le gairid agus forbairtí is dóigh a bheith ann amach anseo in Athbhreithniú an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

Torthaí don Bhliain

Léiríonn na torthaí airgeadais don Ghrúpa brabús don bhliain airgeadais, roimh díbhinní, arb ionann é agus €249m i gcomparáid le €159m do 2002.

	2003 €m	2002 €m
Brabús an Ghrúpa roimh chánachas	302	196
Cánachas	(53)	(37)
Brabús don bhliain airgeadais	249	159

Molann Comhaltaí an Bhoird go n-íocfaí díbhinn críochnaitheach de 3.39 cent an t-aonad de stoc caipitil, arb ionann é agus €67.118m, i 2004. Tá an chuid eile den bhrabús don bhliain aistrithe go cúlchistí. Fógraíodh díbhinn iomlán de 2.01 cent arb ionann é agus €39.704m, maidir leis an mbliain 2002.

Tá tuilleadh sonraí faoi thorthaí na bliana agus torthaí do bhlianta roimhe sin leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus sna nótaí bainteacha.

Rialú Corparáide

Comhlíonann BSL Cód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit arna cheadú ag an Rialtas an 2 Deireadh Fómhair 2001. Leagann an cód na prionsabail amach do rialú corparáideach a éilítear ar Bhoird Chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. Comhlíonann BSL oibleagáidí rialú corparáide agus oibleagáidí eile a fhorchuirtear leis an Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001.

Leagann an Cód Comhdhéanta Prionsabal Dearialaithe amach agus Cód Deachleachtais. Éilítear ar chuideachtaí atá liostaithe ar an Stoc Mhargadh in Éirinn tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh le gach foráil den Chód. Is corparáid reachtúil iad BSL a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 agus de bharr níl forálacha an Chóid Chomhdhéanta infheidhme maidir leo. Tacaíonn BSL áfach le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chomhdhéanta agus comhlíonann a chuid coinníollacha ach amháin:

Tá BSL cuntasacht don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmainní Nádúrtha. Is faoin Rialtas atá sé daoine a cheapadh ar an mBord agus dá réir sin níl coiste ainmniúcháin ag BSL. Ní bhíonn comhaltaí, a cheaptar do théarmaí cúig bliana agus ceithre bliana faoi réir athcheaptha chuig an mBord ag idirthréimhsí nach faide na trí bliana. Tá polasaithe BSL maidir le luach saothair do Chomhaltaí Boird Feidhmeacha (Príomhfheidhmeannach) de réir 'Comhshocruithe chun luach saothair Phríomhfheidhmeannaigh Chomhlachtaí Stáit Tráchtála faoi choimirce na Roinne Fiontar Poiblí' arna eisiúint in Iúil 1999.

Foilsíodh an Cód Comhdhéanta ar Rialú Corparáide in Iúil 2003. Eascraíonn sé as athbhreithniú ar ról agus éifeachtacht stiúrthóirí neamhfheidhmeacha le Derek Higgs agus athbhreithniú ar choistí iniúchta ag grúpa faoi stiúir Sir Robert Smith. Éileofar ar chuideachtaí ar an Stoc Mharlartán in Éirinn tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh le gach foráil den chód athbhreithnithe maidir le bliain thuairiscithe dar tús 1 Samhain, 2003. Tá BSL ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar an gCód Comhdhéanta athbhreithnithe ar Rialú Corparáide agus tá sé i gceist comhlíonadh a dhéanamh ar a chuid prionsabal agus forálacha a mhéid agus is féidir agus tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh sna ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2004, an chéad bhliain cuntasaíochta lena mbaineann an Cód athbhreithnithe.

PRIONSABAIL DEARIALAITHE

An Bord

Is éard atá ar an mBord dhá chomhalta déag lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus aon chomhalta déag neamhfheidhmeacha, seachtar acu a cheapann an Rialtas do théarma cúig bliana agus ceathrar Comhalta Oibrithe Boird arna gceapadh ag an Aire Cumarsáid, Mara agus Acmhainní Nádúrtha do théarma ceithre bliana i ndiaidh a dtoghadh ag an bhfoireann. Tá róil an Chathaoirligh a fheidhmíonn go páirtaimseartha agus an Phríomhfheidhmeannaigh atá lánaimseartha scartha óna chéile. Is í Anne Taylor an Stiúrthóir Neamhfheidhmeach Neamhspleách Sinsearach. D'éirigh Bernard Byrne as a bheith ina Chomhalta Boird tar éis deireadh na bliana arna cheapadh mar Stiúrthóir Airgeadais Grúpa BSL.

Aontaíonn an Bord sceideal ag cruinnithe míosúla (ach amháin i Lúnasa) a thionólfar i ngach bliain féilire agus a thionólann freisin ar ócáidí eile mar is gá. Tá sceideal foirmiúil gnóthaí forchoimeádta le haghaidh cinnidh a dhéanamh orthu ag cruinnithe Boird. Is féidir le comhaltaí Boird comhairle ghairmiúil a ghlacadh agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas mar is gá ar chostas BSL. Beidh rochtain ag gach duine de chomhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí.

Faigheann Comhaltaí an Bhoird ráitis airgeadais mhíosúla don Ghrúpa agus seoltar lánpháipéir Boird chuig gach comhalta seachtain roimh chruinnithe Boird. Áirítear ar pháipéir an Bhoird miontuairiscí gach cruinniú fochoistí de chuid an Bhoird, a tionóladh ón gcruinniú Boird roimhe sin.

Tá an caidreamh idir BSL agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha bunaithe go foirmiúil i gcomhaontú "Agreement on Framework for Interaction" dár dháta Meán Fómhair 1998. Forálann an comhaontú sin do bhonnchló don chaidreamh oibre idir an Roinn agus BSL agus tá na prionsabail leagtha amach faoi shé réimse tosaíochta – príomhpholasaithe a aontú, cuspóirí a leagan amach, straitéis ardleibhéil a aontú, cinntí oibríochta speisialta a aontú, bainistiú agus múnlú feidhmíochta agus tionchar ar an timpeallacht agus á múnlú.

Coistí Boird

Bunaítear coistí chun cuidiú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí a urscaoileadh. Is iad na Coistí an Coiste Iniuchta (féach thíos), an Coiste Forbairt Gnó agus Idirnáisiúnta, An Coiste Straitéis Gnó, An Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta, An Coiste Oibríochta Chóras Tarchuir Neamhspleách, an Coiste Airgeadais, An Coiste Rialála agus an Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair. Tá a gcuid comhlataí agus a gcuid téarmaí tagartha le linn 2003 liostaithe ar leathanach 32.

Tá an Coiste Iniúchta, coiste atá comhdhéanta go foirmiúil de chuid an Bhoird le téarmaí tagartha scríofa, comhdhéanta de thriúr comhaltaí neamhfheidhmeacha a thagann le chéile go rialta. Le linn na bliana déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus pléann le hIniúchóir Inmheánach an Ghrúpa rialuithe imheánach an ghrúpa, feidhm iniúchta inmheánach, rogha polasaithe cuntasaíochta, cláir iniúchta inmheánacha agus seachtracha, tuarascáil reachtúil iniúchóirí, tuairisciú airgeadais agus nithe bainteacha eile. Tá lánrochtain ag iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchta.

Ag teacht as Treoir ón Eoraip faoi Leictreachais 96/92 CA agus de réir cheanglais Ionstraim Reachtúil 49 de 2000 bhunaigh an Bord coiste ar leithligh, an Coiste ITSO chun bainistiú neamhspleách fheidhm an Oibríocht Chóras Tarchuir (TSO) a éascú arna dhéanamh ag Eangach Náisiúnta BSL. Cheadaigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh na comhshocruithe fála seo mar chuid den chreat oibre margaidh do thrádáil i leictreachas.

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as córas rialú inmheánach an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. Tá an córas rialú inmheánach deartha chun cinnteacht réasúnach ach ní dearfach a sholáthar in aghaidh míráitis ábhartha nó caillteanais. Chun an fhreagracht sin a urscaoileadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht agus rialacháin, tá struchtúr eagraíochta le nósanna imeachta feidhmithe agus tuairiscithe soiléire, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, scagadh dualgas, agus údarás tarmligthe bunaithe ag an mBord.

Éilíonn rialú corparáideach deachleachtais go ndéanann stiúrthóirí athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialú inmheánach ag clúdú gach rialú ábhartha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonadh agus bainistíocht riosca. Tá creat oibre rialaithe láidir bunaithe ag BSL a chlúdaíonn gach réimse rialaithe. Tá Comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánach atá bunaithe de réir cheanglais an Chóid Chomhdhéanta.

Áirítear iad seo a leanas sa chóras rialú inmheanach:

- Tá an córas bunaithe ar chód eiticí a éilíonn go gcoinníonn gach fostaí na caighdeáin eitice is airde agus iad ag seoladh gnó;
- Struchtúr eagraíochta sainmhínithe go soiléir le teorainneacha údaráis sainmhínithe agus meicníochtaí tuarascála chuig ardleibhéil bhainistíochta agus chuig an mBord a chothaíonn timpeallacht rialaithe láidir;
- Creat oibre rialú corparáide a áiríonn anailís riosca, athbhreithniú rialú airgeadais agus ráitis rialaithe bliantúla foirmiúla ó bhainistíocht Aonaid Ghnó agus san Ionad Corparáideach. Déantar monatóireacht air sin ag roinn Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa a thuairiscíonn chuig an gCoiste Iniúchta ar bhonn leanúnach;
- Sraith chuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibríochta agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitil. Bíonn gá le ceadú an Bhoird i gcás thionscadail mhóra chaipitil, agus déanann Coiste Forbairt Gnó agus Idirnáisiúnta an Bhoird monatóireacht orthu ar bhonn rialta.
- Córais chuimsitheacha buiséadaithe agus an buiséad bliantúil a bheith ceadaithe ag an mBord;
- Córas cuimsitheach do thuairisciú airgeadais. Déantar torthaí iarbhíre carnacha míosúla a thuairisciú in aghaidh an bhuiséid agus breithníonn an Bord iad ar bhonn míosúil. Ceistíonn an Bord aon athruithe suntasacha agus aon athraitheas dochrach, agus glactar gníomh leighis nuair is cuí;
- Breithniú ar shaincheisteanna oibríochta agus airgeadais ag Coistí speisialta an Bhoird faoi mar a thuairiscítear ar leathanach 32, lena n-áirítear forléargas ag an gCoiste ITSO de ghníomhaíochtaí Oibríocht an Chórais Tarchuir (TSO) den Eangach Náisiúnta.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú ar na rialuithe seo go córasach. Sna hathbhreithnithe seo, leagtar an bhéim ar na réimsí is mó riosca de réir mar atá aitheanta ag anailís riosca.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchta, ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Áirítear ar an bpróiseas a bhíonn in úsáid ag an mBord agus ag an gCoiste Iniúchta chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an bpróiseas athbhreithnithe riosca leathbhliantúil;
- Comhairle chomhchomhairleach neamhspleách ar leordhóthanacht an phróisis bhainistithe riosca reatha atá i bhfeidhm i BSL;
- Athbhreithniú agus breithniú ar dheimhniúcháin ón mbainistíocht maidir le hoibríocht shásúil agus éifeachtach na gcóras rialuithe inmheánacha, idir airgeadais agus oibríochtúla;
- Athbhreithniú ar chlár Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa agus breithniú ar a gcinntí agus a dtuarascálacha. Tuairiscíonn Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa freisin go rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin óna dtuarascálacha féin agus ó thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach;
- Athbhreithniú ar thuarascálacha na n-iniúchóirí seachtracha, KPMG, ina bhfuil mionsonraí d'aon shaincheisteanna suntasacha rialaithe, arna sainaithint ag eascairt as a gcuid oibre mar iniúchóirí.

Luach Saothair do Chomhaltaí Boird Feidhmeacha

Is é an t-aon Chomhalta Boird feidhmeach ná an Príomhfheidhmeannach. Ba é an tUasal Pádraig McManus a bhí ina Príomhfheidhmeannach i rith na bliana 2003. Bhí dhá chomhalta feidhmeanna ann i rith na bliana 2002: rinneadh Príomhfheidhmeannach den Uasal Pádraig McManus an 15 Iúil 2002, ag teacht in áit an Uasal Ken O'Hara a scoir an 15 Iúil 2002. Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh socraithe laistigh de raon arna chinneadh ag na hAirí Airgeadais agus Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Cinneann an Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair, atá comhdhéanta de thriúr Comhaltaí Boird Neamhfheidhmeacha, agus a bhíonn ceadaithe ag an mBord, go bliantúil é, laistigh den raon mar atá leagtha amach thuas. Ceadaíonn an Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair luach saothair an ghrúpa bainistíochta feidhmeannach, tar éis moltaí arna gcur isteach ag an bPríomhfheidhmeannach a bhreithniú.

Is éard a bhíonn i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ná tuarastal bunúsach, bónas feidhmíocht ghaolmhar de suas go dtí 18% den tuarastal bunúsach bliantúil, mír bhónais iarchurtha de suas go dtí 7% agus carr cuideachta. Ina ról mar Chomhalta Boird, faigheann an Príomhfheidhmeannach táille freisin arna chinneadh ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Déantar sochair scoir don Phríomhfheidhmeannach a ríomh ar bhunphá amháin agus bíonn mar aidhm pinsean a sholáthar ag tráth scoir ar pinsean é den ochtú cuid agus aisce de thrí ochtú cuid den tuarastal do gach bliain seirbhíse mar Phríomhfheidhmeannach. Is iad na méaduithe i bpinsean fabhraithe agus in aisce fabhraithe gan boilsciú i rith na bliana san áireamh ná €5,600 agus €16,799 faoi seach. Is €72,714 a bhí sa phinsean fabhraithe iomlán ag deireadh na bliana i ndáil le seirbhís iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh agus is €218,412 a bhí san aisce fabhraithe iomlán. Is €50,329 a bhí i luach aistrithe an mhéadaithe iomchuí.

Luach Saothair Chomhaltaí Boird Neamhfheidhmeacha

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird arna gceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 de réir fhorálacha an Achta. Bíonn siad páirteach i scéim aoisliúntais BSL ar bhonn comhionann le gach comhalta eile den scéim.

Cinneann an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha luach saothair na gComhaltaí Boird Neamhfheidhmeacha eile agus ní fhaigheann siad Pinsin.

Luach Saothair	2003 €	2002 €
Comhalta Boird Feidhmeach (Príomhfheidhmeannach)		
Tuarastal	276,645	369,036
Pá feidhmíocht-ghaolmhar*	75,395	66,053
Sochair incháinithe (carr cuideachta)	20,035	16,209
Ranníocaí Pinsin	32,921	33,773
Táillí	12,697	12,298
Iomlán	417,693	497,369
Comhaltaí Boird Neamhfheidhmeacha		
Táillí	190,461	181,780

* San áireamh i ndáil leis 2003 tá méideanna a íocadh leis an Uasal Pádraig McManus do sheirbhísí sular ceapadh é mar Phríomhfheidhmeannach chuig an mBord.

Fuair an Cathaoirleach táillí de €63,487, cé go bhfuil an deichniúr Comhaltaí Boird Neamh-fheidhmeacha eile iomlán de €126,974. Áirítear ar luach saothair 2002 an Phríomhfheidhmeannaigh atá nochtha thuas an luach saothair a íocadh leis an Uasal Ken O'Hara agus leis an Uasal Pádraig McManus.

Gnóthas Leantach

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe ar bhonn ghnóthais leantaigh an Bhoird, tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh, tá BSL sásta go bhfuil acmhainní dóthanacha aige le leanúint i mbun oibríochta don todhchaí is intuartha.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989)

Is croíluach ag BSL é sláinte agus sábháilteacht na foirne agus dhaoine den phobal. Déanann an Grúpa monatóireacht ar bhonn leanúnach ar mar a chomhlíonann sé an tAcht thuas agus na Rialacháin a bhaineann leis trí athbhreithnithe sábháilteachta agus córais fhoirmiúla iniúchta sábháilteachta. Tionscnaítear gníomhartha ceartaitheacha i gcás go sainaithnítear laigí nó easpaí. Deimhníonn na nósanna imeachta comhlíonadh substaintiúil leis an bpolasaí, mar atá leagtha síos i bPolasaí Sábháilteachta agus i Ráiteas Sábháilteachta Ghrúpa BSL. Bíonn cruinniú ag Foireann Stiúrtha Feidhmeach go rialta chun cuspóirí agus straitéis sábháilteachta an Ghrúpa a leagan síos agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht. Déanann Coiste Sábháilteachta an Phríomhfheidhmeannaigh, an Réimse Gnó agus na coistí sábháilteachta áitiúla athbhreithniú agus plé ar nithe a bhaineann le polasaí agus prionsabal a chlúdaíonn sláinte agus sábháilteacht na foirne agus an phobail, pléann feabhsúcháin sábháilteachta agus cláir agus nithe gaolmhara.

Ag teacht le ceanglas in Alt 12 (6) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, rinneadh meastóireacht ar a mhéad a comhlíonadh le linn 2003 Polasaí Sábháilteachta Ghrúpa BSL agus na geallúintí a tugadh i Ráitis Sábháilteachta Ghrúpa BSL ag gabháil leis. Is i bhfoirm athbhreithniú foirmiúil sábháilteachta a bhí an mheastóireacht a rinneadh de réir na gcaighdeáin sárchleachtais idirnáisiúnta.

Bunaithe ar na meastóireachtaí a rinne gnólachtaí aonair i leith polasaithe agus rioscanna measta, fuarthas amach gurbh ann do chaighdeán ard de chleachtas bhainistiú sábháilteachta agus cloí le nósanna imeachta sábháilteachta. Fuair an t-athbhreithniú amach freisin go raibh cláir fhorghníomhacha feabhsúcháin sábháilteachta agus iniúchta sábháilteachta á gcur i bhfeidhm mar aon le cainéil deafhorbartha cumarsáide sábháilteachta agus comhchomhairle sábháilteachta le daoine den fhoireann agus a n-ionadaithe sábháilteachta. Tá ceachtanna á bhfoghlaim go leanúnach ó imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar na cúiseanna le gortuithe nó contúirtí timpistí agus tá siad á gcur isteach ar shlí struchtúrtha i gcláir feabhsúcháin sábháilteachta agus tosaíochtaí sábháilteachta.

Tá Athbhreithniú Sábháilteachta Ghrúpa BSL 2003 foilsithe mar thuarascáil ar leithligh agus tá sé ar fáil ach é a iarraidh.

Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Comhaltaí Boird gur fhostaigh siad pearsanra cuntasaíochta a bhfuil an taithí chuí acu agus gur sholáthair siad acmhainní dóthanacha don fheidhm airgeadais lena chinntiú gur comhlíonadh oibleagáid BSL leabhair chuntas chuí a choimeád. Coinnítear leabhair chuntas BSL ag Sráid Mac Liam, Baile Átha Cliath 2.

An tAcht Toghcháin, 1997

Ní dhearna an Bord aon shíntiús polaitíochta i rith na bliana.

Tadhg O'Donoghue CATHAOIRLEACH

Pádraig McManus PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

23 MÁRTA 2004

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird

Ceanglaíonn na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2001 ar na Comhaltaí Boird Ráitis Airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais de réir na nAchtanna sin.

Measann Comhaltaí an Bhoird, in ullmhú na Ráiteas Airgeadais ar leathanaigh 45 go dtí 84, gur baineadh úsáid as polasaithe cuntasaíochta cuí agus gur cuireadh i bhfeidhm go seasta iad, go ndearnadh breithniúnais agus meastacháin go réasúnach agus stuama agus gur leanadh gach caighdeán cuntasaíochta a measadh a bheith infheidhme.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as leabhair chuntas chuí a choimeád agus as céimeanna a ghlacadh a bhíonn oscailte go réasúnach dóibh chun sócmhainní BSL agus a fhochuideachtaí a chosaint agus chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath.

Ar son an Bhoird

Tadhg O'Donoghue CATHAOIRLEACH

Pádraig McManus PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Dáta: 23 Márta 2004

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais

Mar iniúchóirí arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais, faoi Alt 7 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Bhord Soláthair an Leictreachais ar leathanaigh 45 go dtí 84.

Déantar an tuarascáil seo go huile agus go hiomlán do stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, arna dhéanamh infheidhme do Bhord Soláthair an Leictreachais de bhua na Rialachán arna nglacadh aige mar na rialacháin rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, arna leasú leis an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua le stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchta agus chun na críche sin amháin. A mhéad is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht d'aon duine eile ach amháin Bord Soláthair an Leictreachais agus a stocshealbhóirí, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, don tuarascáil seo nó dár dtuairimí.

Freagrachtaí faoi seach na stiúrthoirí agus na n-iniúchóirí

Tá Comhaltaí Boird Bhord Soláthair an Leictreachais freagrach as Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú. De réir mar a thuairiscítear ar leathanach 43, áirítear ansin freagracht as ráitis airgeadais a ullmhú de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go dtí 2001 mar aon le caighdeáin chuntasaíochta. Tá ár bhfreagrachtaí, mar iniúchóirí neamhspleácha, bunaithe in Éirinn ag na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2001, an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta agus ag treoir eiticiuil ár ngairme.

Tuairiscímid daoibh ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus an bhfuil siad ullmhaithe de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2001. Luaimid freisin cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte againn a bhí riachtanach dúinn dár n-iniúchadh, cibé an bhfuil clár comhardaithe na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na leabhair chuntas agus tuairiscímid daoibh ár dtuairim maidir le cibé ar choinnigh an Mháthairchuideachta leabhair chuntas chuí.

Athbhreithnímid, ar iarraidh ó Chomhaltaí an Bhoird, cibé (1) an léiríonn an ráiteas deonach ar leathanaigh 39 go dtí 42 an Bord a bheith ag comhlíonadh seacht gcoinníoll an Chóid Comhdhéanta atá sonraithe i gcomhair athbhreithnithe ag iniúchóirí agus (2) an léiríonn an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ar leathanaigh 40 agus 41 an Bord a bheith ag comhlíonadh forálacha Chód Sárchleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit atá sonraithe i gcomhair athbhreithnithe ag iniúchóirí agus tuairiscímid mura ndéanann na ráitis sin amhlaidh. Ní cheanglaítear orainn a bhreithniú cibé an gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar chlúdach rialaithe inmheánaigh na rioscaí agus na rialuithe ar fad, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an ghrúpa nó a nósanna imeachta rioscaí agus rialaithe.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais chorparáidigh, agus breithnímid cibé an bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais.

Bunús na tuairime iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear ar iniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne na Comhaltaí Boird in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta cuí d'imthosca an Ghrúpa, ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus an ndearnadh nochtadh dóthanach.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a thabhairt dúinn chun deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide eile. I dteacht ar ár dtuairim mheasamar freisin sásúlacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2003 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dár chríoch sin agus is é ár dtuairim go bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go dtí 2001.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte againn a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Inár dtuairim, choimeád an Mháthairchuideachta leabhair chuntas chuí lena gcomhaontaíonn clár comhardaithe na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2003.

KPMG

Cuntasóirí Cairte
Iniúchóirí Cláraithe
1 Plás Stokes
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

24 Márta 2004

Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta

1. BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i Euro faoin gnás stairiúil costais.Tá siad ullmhaithe de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh go Forleathean leor agus comhlíonann siad Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta. Tá na polasaithe cuntasaíochta i gcomhréir leo sin a feidhmíodh in 2002.

2. BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an ghrúpa ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus gach ceann dá fo-ghnóthais a rinneadh suas go dtí an 31 Nollaig 2003. Tá torthaí na bhfo-ghnóthas a fuarthas nó a diúscraíodh sa tréimhse san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais ó dháta na fála nó suas go dtí dáta an diúscartha. Tá ráitis airgeadais gach fo-ghnóthais tarraingthe suas go dtí an 31 Nollaig 2003.

3. SAINMHÍNITHE NA N-EARNÁLACHA GNÓ

Chun críche a ráitis airgeadais reachtúla ceanglaítear ar BSL Ráiteas Chleachtas Cuntasaíochta Caighdeánach 25 “Tuairisciú Earnálach” a leanúint. Tá earnálacha sainmhínithe ag BSL de réir an chaighdeáin seo atá cuid mhór i gcomhréir leis na cuntais ar leithligh do ghiniúint, tarchuir, dáileadh agus gníomhaíochtaí soláthair faoi mar a shainmhínítear agus a nochtaítear sna Cuntais Rialaitheacha, atá curtha isteach ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). Is mar seo a leanas na hearnálacha:

(a) Giniúint Chumhachta agus Soláthar do Chustaiméirí

Bíonn an gnó seo ag déileáil le giniúint leictreachais ó stáisiúin chumhachta an ghrúpa agus soláthairtí seachtracha leictreachais a cheannach le díol le custaiméirí, mar aon le gníomhaíochtaí billithe, bailithe agus chúram custaiméirí i bPoblacht na hÉireann.

(b) Gréasáin

Baineann an gnó gréasán le tógáil, oibríocht agus cothabháil an infrastruchtúir gréasán tarchuir agus dáilte atá riachtanach chun soláthar leictreachais ar ardchaighdeán a chinntiú do na custaiméirí leictreachais ar fad i bPoblacht na hÉireann.

(c) Fiontair Thráchtála

Tá gnó na bhFiontar Tráchtála freagrach as gnónna neamhrialaithe BSL. Áirítear Innealtóireacht, Comhchomhairleoireacht, Tógáil, Infheistiú Idirnáisiúnta, Miondíol, TE agus Teileacam, Fuinneamh Neamhspleách agus gníomhaíochtaí eile seirbhís-bhunaithe ar na príomhghníomhaíochtaí. Oibríonn an gnó ar an margadh baile agus ar an margadh idirnáisiúnta araon.

(d) Eile

Áirítear ar an earnáil seo coigeartuithe comhdhlúthaithe a bhíonn riachtanach chun torthaí grúpa a ullmhú. Áirítear ar na coigeartuithe sin díolacháin agus ceannaigh idirchuideachta a fhágáil ar lár.

4. TRÁDÁIL INMHEÁNACH AGUS CIONROINNT LAISTIGH DE BSL

I ndréachtadh chuntais ar leithligh dá chuid gnónna, cloíonn BSL le sraith de nósanna imeachta cuntasaíochta do leithdháileadh sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais.

(a) Láimhdeachas

Ríomhtar láimhdeachas idir gnónna an ghrúpa de réir socruithe BSL do thrádáil inmheánach a fhorálann, nuair is cuí, d’aisghabháil costais nó trádáil neamhthuilleamaíoch, bunaithe ar rátaí an mhargaidh. Más infheidhme, déantar ioncam faoi réir ag rialú a ríomh de réir choinníollacha ceadúnais nó cinntí rialaitheacha is infheidhme do gach gnó.

(b) Caiteachas

Soláthraíonn gnónna grúpa BSL áirithe seirbhísí do réimsí eile den grúpa, ar nós seirbhísí TE agus forbairt, bainistiú saoráidí, teileachumarsáid chomh maith le seirbhísí roinnte agus corparáideacha eile.

Déantar na costais seirbhís-ghaolmhara seo a mhuirearú nó a leithdháileadh chuig Giniúint Chumhachta agus Soláthar Custaiméirí, Gréasáin agus Fiontair Thráchtála de réir socruithe trádála inmheánacha BSL. Bíonn sé riachtanach amanna costais grúpa áirithe agus forchostais a leithdháileadh go réasúnach chuig gach gnó.

(c) Sócmhainní & dliteanais

Déantar ioncaim, speansais agus caiteachas caipitil a thabhaíonn gach gnó a thaifeadadh i gcuntais ar leithligh na ngnónna. Oibrítear córas trádála inmheánaí chun idirbheartaíochtaí inmheánacha idir na gnónna difriúla a léiriú. Déantar féichiúnas trádála mar thoradh ar thrádáil den sórt sin idir na gnónna inmheánacha a thaifeadadh mar iarmhéideanna féichiúnaí inmheánaigh agus creidiúnaí inmheánaigh i gcuntais gach aon ghnó de réir mar is cuí.

(d) Déileail le hiarmhéideanna faoi bhainistiú agus rialú corparáideach

Tá roinnt iarmhéideanna agus idirbheartaíochtaí nach bhfuil inchurtha le gnónna aonair, mar go bhfuil siad faoi réir ag bainistiú agus rialú corparáideach. Áirítear ar nithe den sórt sin de ghnáth, ach níl siad teoranta chucu, míreanna de ghlaniasachtaí, cánachas, díbhinní iníoctha, ús iníoctha agus sócmhainní seasta airgeadais.

5. SÓCMHAINNÍ SEASTA AIRGEADAIS

(a) Gnóthais chomhfhiontair agus chomhlachaithe

Is éard is gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) ann ná na gnóthais sin a bhfuil rialú i gcomhar le páirtí eile ag an ngrúpa orthu.

Is éard is gnóthais chomhlachaithe (comhlaigh) ann ná na gnóthais sin a bhfuil leas rannpháirteach ag an ngrúpa sa chaipiteal cothromais agus a bhfuil sé in ann tionchar suntasach a imirt air.

Déantar cuntasaíocht ar chomhfhiontair agus ar chomhlaigh ag baint úsáide as an modh ollchothromais agus an modh cothromais faoi seach. Cuirtear cion an ghrúpa de bhrabúis lúide caillteanais na gcomhfhiontar agus na gcomhlach san aireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais. Cuirtear leasanna an ghrúpa ina nglansócmhainní nó dliteanais san áireamh mar shócmhainní seasta airgeadais sa chlár comhardaithe comhdhlúite ag méid a léiríonn cion an ghrúpa de luachanna córa na nglansócmhainní, lúide aon lagú, ag éadáil móide cáilmheas agus cion an ghrúpa de bhrabúis agus caillteanais coimeádta tar éis éadála.

Tógtar na méideanna a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le brabúis iar-éadála na gcomhfhiontar agus na gcomhlach ó na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí déanta suas go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

Taispeáintear infheistíochtaí i gcomhfhiontair agus i gcomhlaigh i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta mar shócmhainní seasta airgeadais agus tá siad luacháilte ag costas lúide soláthairtí do laguithe i luach.

(b) Sócmhainní seasta airgeadais eile

Taispeáintear infheistíochtaí liostaithe agus neamhliostaithe ag costas lúide soláthairtí do laguithe i luach. Aithnítear ioncam ó shócmhainní seasta airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina bhfuil sé infhaighte. Tá nóta san áireamh maidir le luach margaidh na n-infheistíochtaí liostaithe.

6. CÁILMHEAS

Léiríonn Cáilmheas an bharraíocht comaoine íoctha d'éadáil na scaireanna i ngnóthais chomhlachaithe agus i gcomhfhiontair os cionn luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas inaitheanta. Is 20 bliain é an saol úsáideach cáilmheasa ar ghnónna comhlachaithe. Cinntear saol úsáideach trí thagairt don tréimhse ina bhfuiltear ag súil go mbeidh luachanna na ngnónna bunúsacha níos mó ná luachanna a nglansócmhainní inaitheanta.

7. AIRGEADRA EACHTRACHA

Déantar idirbheartaíochtaí in airgeadra eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta na n-idirbheartaíochtaí nó ag ráta conartha. Aistrítear na sócmhainní agus dliteanais airgeadais mar thoradh air sin ag an ráta a rialaíonn ag dáta an chláir chomhardaithe nó an ráta conartha agus déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Áirítear glaninfheistíochtaí an ghrúpa i bhfoghnóthais, i gcomhfhiontair agus i gcomhlaigh thar lear ag an ráta a rialaíonn ag dáta an chláir chomhardaithe. Aistrítear brabúis agus caillteanais fhoghnóthais, chomhfhiontair agus chomhlaigh thar lear ag na meánrátaí don tréimhse. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe mar thoradh ar ath-aistriú chláir chomhardaithe tosaigh na bhfoghnóthas, na gcomhfhiontair agus na gcomhlach thar lear ag rátaí dúnta, mar aon leis na difríochtaí ar aistriú na gcuntas brabúis agus caillteanas, trí chúlchistí agus léirítear iad sin sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus caillteanas aitheanta.

8. LÁIMHDEACHAS

Cuimsíonn láimhdeachas glandíolacháin leictreachais agus earraí agus seirbhísí eile le custaiméirí lasmuigh den ghrúpa agus eisíonn cáin bhreisluacha. Áirítear ar láimhdeachas leictreachais meastachán de luach na n-aonad a soláthraíodh do chustaiméirí idir dáta léamh deiridh an mhéadair agus deireadh na tréimhse agus cuirtear an meastachán seo san áireamh i gclár comhardaithe na bhféichiúnaithe mar 'ídiú neamhbhillithe".

9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe luaite ag costas lúide dímheas carnaithe soláthairtí do lagú ar luach. Áirítear ar chostas an buanchostas, forchostais agus an t-ús a tabhaíodh i maoiniú thógáil na sócmhainní seasta inláimhsithe. Stopann caipitiliú úis nuair a thosaítear ag baint úsáide as an tsócmhainn. Bíonn an ráta capitilithe a chuirtear i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiach gan íoc BSL.

Déantar an muirear do dhímheas a ríomh chun costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh go dtí a luachanna measta iarmharacha thar a saol úsáideach ionchasach ag baint úsáide as modhanna a bhíonn oiriúnach do ghnó an Ghrúpa agus do charachtar agus méid a shócmhainní seasta inláimhsithe. Is iad na mór-aicmí sócmhainní agus a saolré leithdháilte ná:

Gléasra Ginte agus Struchtúir Stáisiún Teirmeach	20 bliain
Gléasra agus Struchtúir Dáilte	25/30 bliain
Gléasra agus Struchtúir Tharchuir	30 bliain
Foirgnimh Ghinearálta agus Hidreastáisiúin	50 bliain

Soláthraítear dímheas:

- Ar an modh líne dhírí do Shócmhainní Tarchuir, Dáilte agus Ginearálta
- Ar bhonn teilgthe úsáide gléasra d'Aonaid Ghinte
- Ar gach sócmhainn ó dháta an choimisiúnaithe.

10. COSTAIS RÉAMHCHONARTHA

Aithnítear costais phleanála do thionscadail infheistíochta caipitil, agus d'fhorbairt na dtionscadal sin, nó tairiscint do chonarthaí, agus conarthaí a aimsiú, chun táirgí agus seirbhísí a sholáthar mar chaiteachais de réir mar a thabhaítear iad. Déantar caipitliú, áfach, ar chostais is inchurtha go díreach mar shócmhainní nuair a bhítear nach mór cinnte go ngeobhar conradh, agus go meastar go mbeidh glan-insreabhadh airgid mar thoradh ar an gconradh sa todhchaí, le luach láithreach nach lú ná gach méid atá aitheanta mar shócmhainn.

11. STOIC

Iompraítear stoic ag meánchostas, ach amháin:

Spárálacha sealbhaithe do mhórbhriseadh síos ghléasra ginte, a dtugtar a luach anuas thar shaolré an ghléasra; agus Earraí sealbhaithe d'athdhíolachán, a iompraítear ag an meánchostas is lú agus ag an nglanluach inréadaithe. Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díolacháin lúide costais bhreise a meastar a thabhófar roimh dhiúscairt.

Déantar soláthar do mhíreanna damáistithe, lagthaí, as feidhm agus nach féidir a úsáid i gcás gur cuí sin.

12. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais a thagann as conarthaí malartáin eachtraigh ar aghaidh a bhíonn in úsáid chun sreabhadh airgid idirbheartaíochtaí eachtracha a fhálú mar speansas oibríochta sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Baintear úsáid as comhaontuithe babhtála ráta úis agus conarthaí comhchosúla chun bainistiú a dhéanamh ar nochtadh ráta úis. Aithnítear méideanna is iníoctha nó is infhaighte i ndáil leis na díorthaí seo mar speansas úis thar thréimhse na gconarthaí.

13. CONARTHAÍ ÍOCAÍOCHTA IARCHURTHA

Glactar brabús ar chonarthaí íocaíochta iarchurtha i dtréimhse an díolacháin. Léiríonn glan-infheistíocht iomlán i gconarthaí íocaíochta iarchurtha atá sa chlár comhardaithe na híocaíochtaí conartha is infhaighte, glan ar mhuirir airgeadais a bhaineann le tréimhsí cuntasaíochta sa todhchaí. Leithdháiltear muirir airgeadais chuig tréimhsí cuntasaíochta ar bhonn bliantachta i rith an téarma íocaíochta iarchurtha.

14. SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe a fuarthas faoi léasanna airgeadais san áireamh sa chlár comhardaithe ag comhionann a luach caipitil agus déantar dímheas orthu i rith an téarma léasa nó a saol úsáideach ionchasach cé acu is giorra . Ta na dliteanais comhfhreagracha taifeadta mar chreidiúnaí agus déantar an mhír úis de na híocaíochtaí léasa airgeadais a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn bliantachta. Déantar cíosanna léasa oibríochta a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn líne dhírí i rith théarma an léasa.

15. RANNÍOCAÍ SOLÁTHAIR NEAMH-INÍOCTHA AGUS DEONTAIS CHAIPITIL

Déantar ranníocaí soláthair neamh-iníoctha agus deontais chaipitil a fuarthas a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad ar bhonn comhleanúnach le polasaí dímheasa na sócmhainní lena mbaineann. Roimh 2002, rinneadh ranníocaí soláthair neamh-iníoctha a chreidiúnú díreach chuig cúlchistí caipitil. An 30 Nollaig 2001, de réir an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, rinneadh gach méid a bhí creidiúnaithe an uair sin chuig cúlchistí a chomhshó go dtí stoc caipitil BSL.

16. CÚLCHISTE D'ATHCHEANNACH STOC IASACHTA

Ceadaíonn Alt 5 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 1982 don Bhord na suimeanna sin a mheasann sé a bheith cuí le húsáid mar aisíocaíocht ar iasachtaí a leithreasú. Déantar na suimeanna a leithreasú chuig an gcúlchiste fiachmhúchta de réir an Achta, trí aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais.

17. CÁNACHAS

Soláthraítear cáin chorparáide ag rátaí reatha agus ríomhtar í ar bhunús na dtorthaí don tréimhse, ag cur faoiseamh déantúsaíochta san áireamh, nuair is cuí. Áirítear ar an muirear cánachais sa chuntas brabúis agus caillteanais cánachas sciar an ghrúpa de bhrabúis ghnóthais chomhfhiontair agus chomhlachaithe agus cánachas iarchurtha.

18. CÁNACHAS IARCHURTHA

Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le gach difríocht ama atá tionscnaithe ach nach bhfuil cúlaithe ag dáta an chláir chomhardaithe, i gcás go mbíonn idirbheartaíochtaí nó imeachtaí tarlaithe ag dáta an chláir chomhardaithe a bhfuil oibleagáid níos mó cánach a íoc sa todhchaí, nó an ceart níos lú cánach a íoc sa thodhchaí, mar thoradh orthu, leis na heisceachtaí seo a leanas:

- Déantar soláthar do cháin a d'eascródh ar sheoltáin thuilleamh coimeádta fhochuideachtaí thar lear a mhéad, ag dáta an chláir chomhardaithe, go mbíonn díbhinní tabhaithe mar infhaighte, agus a mhéad sin amháin;

- Aithnítear sócmhainní iarchurtha cánach a mhéad go mbreithníonn an Bord gur dóchúla ná a mhalairt go mbeidh brabúis oiriúnacha inchánaithe as ar féidir cúlú na ndifríochtaí bunúsacha ama a asbhaint, agus a mhéad sin amháin.

Tomhastar cáin iarchurtha ar bhonn neamh-lascainithe ag na rátaí cánach a mheastar a bheith i bhfeidhm sna tréimhsí ina gcúlaíonn difríochtaí ama, bunaithe ar rátaí cánach agus dlithe achtaithe nó a bhíonn achtaithe go substaintiúil ag dáta an chláir chomhardaithe.

19. SOLÁTHAIRTÍ DO DHÚNADH STÁISIÚIN GINTE

Léiríonn an soláthar do dhúnadh stáisiúin ginte luach láithreach an mheastacháin reatha ar chostais dhúnadh stáisiún ag deireadh a saoil úsáidigh.

Aithnítear costais mheasta dhúnadh stáisiún ina n-iomláine ag tús an tsaoil sócmhainne, ach déantar lascainiú orthu go dtí luachanna láithreacha ag baint úsaide as ráta saor ó rioscaí. Déantar caipitliú ar na costais sin i sócmhainní seasta inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar shaol eacnamaíoch úsáideach na stáisiún lena mbaineann siad. Déantar na costais a chreidiúnú chuig soláthar de réir mar a dhéantar iad a chaipitiliú. De réir mar a dhéantar na costais a chaipitliú agus a soláthar ar dtús ar bhonn lascainithe, caithfear an soláthar a mhéadú trí mhuirear airgeadais gach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar an iarmhéid soláthair agus cuirtear san áireamh é sa chuntas brabúis agus caillteanais. Ar an tslí sin, cothromóidh an soláthar na costais mheasta dúnta ag deireadh shaol eacnamaíoch úsáideach na stáisiún. Cuirtear an caiteachas iarbhír in aghaidh an tsoláthair de réir mar a dhúnann na stáisiúin.

20. LASCAINIÚ AR THIOMANTAIS DON TODHCHAÍ

I gcás go mbíonn éifeacht luach ama airgid ábhartha, bíonn soláthair do thiomantais don todhchaí, le cánachas iarchurtha mar eisceacht, bunaithe ar chostas lascainithe chomhlíonadh na dtiomantas sin ionas gurb é an t-iarmhéid soláthair ag deireadh na tréimhse luach láithreach an chaiteachais a bhíonn riachtanach chun an oibleagáid a shocrú. Bíonn an ráta lascaine bunaithe ar ráta saor ó riosca agus cuirtear an muirear airgeadais san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear leis an soláthar é do gach tréimhse.

21. SCÉIM AOISLIÚNTAIS

Cuirtear an costas a bhaineann le pinsin agus sochair iarscoir eile a sholáthar chun dochair don chuntas brabuis agus caillteanais ar bhonn córasach thar shaol seirbhíse na bhfostaithe, mar atá molta ag na hAchtúirí don scéim.

22. AIRGEAD TIRIM AGUS ACMHAINNÍ LEACHTACHA

Is é an soláthar de €298.7m ag 31 Nollaig 2003 do dhúnadh stáisiún ginte luach láithreach an mheastacháin reatha ar chostais dhúnadh stáisiún ag deireadh a saoil úsáidigh eacnamaíoch. Táthar ag tuar go ndúnfar go leor de na stáisiúin ghinte suas go dtí 2013. De bhrí go soláthraítear na costais ar bhonn lascaine, tá muirear airgeadaithe curtha san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais agus curtha leis an soláthar gach bliain. Tá athscrúdú déanta ar an Soláthar do Dhúnadh Stáisiún agus tá an dliteanas athríomha de réir na ndátaí dúnta reatha atá tuartha do na stáisiúin.

Áirítear ar chostais dúnta costais díchóimeála fisiciúla agus costais a bhaineann le díphearsanrú na stáisiúin ar a ndúnta.

17. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar lean)

Soláthar athstruchtúrtha

Tar éis chomhaontú Tripháirteach idir Bord BSL, an Grúpa Ceardchumainn agus an Rialtas, tosaíodh pléití ar fheidhmiú clár breise athstruchtúrtha gnó i 2000. Tá roinnt clár athraithe bunúsacha ar fud BSL sa tionscnamh sin, a bhfuil na téarmaí scaoilíocaíochta ceadaithe ag an Rialtas agus ag Bord BSL agus táthar ag súil go n-athródh sé struchtúir, cleachtais oibre agus iomaíochas an Ghrúpa. Is é soláthar na gcostas athstruchtúrtha na dliteanais scaoilíocaíochta deonacha faoi na pleananna athstruchtúrtha. Tarlóidh siad sin faoi 2005 agus scaoilfar móramh na ndliteanais faoi 2017.

18. STOC CAIPITIÚIL

GRÚPA & MÁTHAIR CHUIDEACHTA

	2003	2002
	€'000	€'000
Stoc Caipitiúil	**1,979,882**	1,979,882
San áireamh:		
Stoc eisithe ó chúlchistí insóinseáilte	**1,880,888**	1,880,888
Stoc eisithe do shuibscríbhinne ag ESOT	**98,994**	98,994
	1,979,882	1,979,882

Tá 1,979,881,856 aonad stoc caipitiúil eisithe ag luach €1 an ceann.

De réir an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001, an 30 Nollaig 2001, athraíodh caipitil agus cúlchistí BSL chuig stoc caipitiúil agus eisíodh iad chuig an Roinn Airgeadais. Ag an am céanna, a bhunaigh ESB ESOP Trustee Limited go mbeadh siad mar iontaobhach don scéim scairshealbhóireachta d'fhostaithe BSL agus shuibscríobhadh do 5% den stoc.

Áirítear ar na príomhchearta a bhaineann le gach aon aonad stoc caipitiúil an ceart chun vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí do dhíbhinní ó bhrabúis nuair a fhógraítear iad agus an ceart ar rannpháirtíocht cionmhar ar bharrachas arna foirceannadh.

19. CÚLCHISTE FIACHMHÚCHTA D' AISÍOC IASACHTAÍ

GRÚPA AGUS MÁTHAIR CHUIDEACHTA	2003 €'000	2002 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2003	**2,128**	1,563
Leithghabháil d'aisíoc iasachtaí	**245**	565
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2003	**2,373**	2,128
Léirithe ag:		
Infheistíochtaí Ciste Fiachmhúchta (Nóta 9)	**2,373**	2,128

20. CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS AGUS CÚLCHISTÍ EILE

(a) GRÚPA	Cuntas Brabúis & Caillteanais 2003 €'000	Cúlchistí Eile 2003 €'000	Cúlchistí Iomlána 2003 €'000	Cúlchistí Iomlána 2002 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2003	125,243	12,835	**138,078**	20,395
Brabús coinnithe sa bhliain	181,324	-	**181,324**	119,111
Difríochtaí aistriúcháin ar chomhdhlúthú fochuideachtaí eachtracha	-	(3,637)	**(3,637)**	(1,428)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2003	**306,567**	**9,198**	**315,765**	**138,078**
Bíonn gluaiseachtaí malartán eachtrach ar chomhshó na bhfochuideachtaí eachtracha sna cúlchistí eile go príomha.				
(b) MÁTHAIR CHUIDEACHTA	**288,550**	-	**288,550**	82,750

Ba é €205.8m (2002: €120.4m) an brabús coinnithe sna cuntais máthar do 2003.

21. LEAS MIONLAIGH

	2003 €'000	2002 €'000
Leas Mionlaigh Cothromais		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2003	**567**	574
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	**(1)**	125
Aischeannach leas mionlaigh i ESBI Computing Limited	**-**	(132)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2003	**566**	567

Baineann na leasanna mionlaigh ag deireadh 2003 leis na scairshealbhóireachtaí mionlaigh i Crockahenny Wind Farm Limited agus i Hibernian Hydro Limited.

22. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

	2003 €'000	2002 €'000
(a) Réiteach barrachais oibríochta i leith glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta		
Brabús Oibríochta	**325,602**	236,620
Dímheas	**286,455**	244,651
Úsáid soláthair do dhliteanais & muirir	**(95,342)**	(65,956)
Ardú i soláthair do dhliteanais & muirir	**1,300**	16,115
Scéim scairshealbhóireachta d'fhostaithe	**-**	(16,456)
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	**2,766**	2,476
(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	**(10,312)**	(798)
Caillteanas ar dhiúscairt infheistíochta maidir le sócmhainní seasta airgeadais	**463**	-
Brabús ar dhiúscairt infheistíochta maidir le sócmhainní seasta airgeadais	**-**	(4,105)
Scríobh anuas infheistíocht maidir le sócmhainní seasta airgeadais	**-**	18,400
Amúchadh ar ioncam iarchurtha	**(4,876)**	(1,765)
Amúchadh ar cháilmheas	**15,170**	1,318
Difríochtaí aistriúcháin	**1,391**	1,400
(Ardú)/laghdú ar fhéichiúnaithe	**(25,127)**	33,216
(Ardú) ar stoic	**(964)**	(6,099)
Ardú ar chreidiúnaithe	**1,606**	104,318
Soláthar maidir le dochar sócmhainní seasta	**32,599**	-
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	**530,731**	563,335

(b) Réiteach glan-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanfhiacha	2003 €'000	2002 €'000
Ardú ar airgead sa bhliain	**18,451**	39,580
Aisíoc iasachtaí	**334,262**	98,284
Iasachtaí nua sa bhliain	**(1,494,000)**	(345,218)
Gné caipitil d'íocaíochtaí léasa airgeadais	**13,285**	14,990
(Insreabhadh) airgid ó athrú in airgeadú fiacha agus léasa	**(1,146,453)**	(231,944)
Glan-athrú i dtaiscí bainc ciste fiachmhúchta	**245**	565
Glan-athrú i dtaiscí bainc eile	**426,679**	(77,563)
Insreabhadh Airgid/(eis-sreabhadh) ó athrú in acmhainní leachtacha	**426,924**	(76,998)
Athrú i nglanfhiacha de bharr sreabhadh airgid	**(701,078)**	(269,362)
Difríochtaí malartáin	**879**	135
Gluaiseacht i nglanfhiacha sa bhliain	**(700,199)**	(269,227)
Glanfhiacha amhail an 1 Eanáir 2003	**(900,234)**	(631,007)
Glanfhiacha amhail an 31 Nollaig 2003	**(1,600,433)**	(900,234)

22. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID (ar lean)

(c) Réiteach glan-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanfhiach

Anailís ar athruithe maidir le glanfhiacha

	Ag 1 Eanáir 2003 €'000	Sreabhadh Airgid €'000	Gluaiseachtaí Malartan €'000	Ag 31 Nollaig 2003 €'000
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh (féach thíos)	76,436	18,451	-	**94,887**
Iasachtaí	(862,930)	(1,159,738)	-	**(2,022,668)**
Léasanna airgeadais	(159,931)	13,285	-	**(146,646)**
	(1,022,861)	(1,146,453)	-	**(2,169,314)**
Taiscí bainc eile (féach thíos)	44,063	426,679	879	**471,621**
Taiscí bainc ciste fiachmhúchta & infheistíochtaí eile	2,128	245	-	**2,373**
	46,191	426,924	879	**473,994**
Iomlán	**(900,234)**	**(701,078)**	**879**	**(1,600,433)**
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh	76,436			**94,887**
Taiscí bainc eile	44,063			**471,621**
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh in aghaidh clár comhardaithe an Ghrúpa	120,499			**566,508**

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

23. PINSIN

(a) CUNTASAÍOCHT SSAP 24 DO CHOSTAIS PINSEAN

Lean an Grúpa ag déanamh cuntasaíochta do phinsin de réir SSAP 24. Ba é muirear pinsin an Ghrúpa don bhliain ná €39.6m (2002: €40.5m), bunaithe ar na rátaí ranníoca leanúnacha de réir chomhairle na n-achtúirí.

Scéim Aoisliúntais Ghinearálta d'Fhostaithe BSL

Déantar maoiniú ar phinsin d'fhostaithe atá ag obair i ngnó an leictreachais trí scéim shochair atá sainithe go neamhspleách ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais Ghinearálta d'Fhostaithe BSL. Tá an ciste dílsithe in iontaobhaithe atá ainmnithe ag BSL agus ag a chomhaltaí ar mhaithe le leas aonair na bhfostaithe agus a gcuid cleithiúnach.

Cé go leagann na rialacháin a rialaíonn Scéim Pinsin BSL síos go mion na buntáistí atá le cur ar fáil sonraíonn siad chomh maith na ranníocaí atá le híoc ag BSL agus na comhaltaí ranníoca. Ní chomhlíonann sé sin an gnáth cur chuige sochair sainithe ar 'cothromaíocht costais'. Chomh maith leis sin bhíodh ranníocaí BSL agus comhaltaí BSL socraithe ag rialacháin i gcónaí ar feadh tréimhsí fada. Léiríonn na fíricí sin nach ionann Scéim Pinsin BSL agus an cur chuige sochair sainithe.

Leagann rialacháin na scéime amach na céimeanna is cóir a ghlacadh má thagann easnamh nó barrachas chun cinn. Má thuairiscítear easnamh, beidh ar BSL dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, le hIontaobhaithe na scéime agus le hAchtúire na scéime le breithniú a dhéanamh ar an riachtanas atá ann an scéim a leasú. Níl aon rud sna rialacháin sin maidir le nádúr leasaithe den sórt sin. Sa chás gur barrachas a bhíonn i gceist, ba chóir é sin a chur ar leataobh i gcúlchiste; agus/nó é a úsáid chun ranníocaí BSL agus na gcomhaltaí a laghdú; agus/nó chun sochair a fheabhsú.

Cé nach ionann an scéim agus scéim shochair sainithe, léiríonn nádúr agus stair na scéime go bhféadfadh oibleagáid inchiallaithe a bheith ann na sochair a sholáthar agus ar an mbunús sin, tá caite leis an scéim, mar a rinneadh an bhliain roimhe sin, mar scéim shochair sainithe chun críche faisnéisithe faoi FRS 17 thíos.

Luacháil Achtúireach

Déantar measúnú ar chostais pinsean na scéime de réir chomhairle achtúirí neamhspleácha a fhaightear ag tréimhsí trí bliana. Tá na hAchtúirí ag tabhairt luacháil achtúireach chun críche faoi láthair amhail an 31 Nollaig 2003.

Rinneadh luacháil roimhe sin ar an scéim an 31 Nollaig 2000 ag baint leasa as an modh insroichte aoise. Ba é an prionsabal bonn tuisceana achtúireach a bhí ann san fhadthéarmach, go mbeadh an ráta aisíoca bliantúil ar infheistíochtaí 3% níos airde ná an t-ardú bliantúil ar luach saothair inphinsin agus ar phinsin i gceann íocaíochta. Ar dháta na luachála achtúirigh sin, ba é luach shócmhainní na scéime ar an margadh ná €2,912m a chuaigh thar luacháil achtúireach na scéime de dhliteanais fhabhraithe bunaithe ar thuillimh reatha. Ba leor luach achtúireach na sócmhainní le 96% de na dliteanais fabhraithe a chlúdach ag ceadú arduithe i dtuillimh agus i bpinsin amach anseo. Tá íocaíocht an ráta maoinithe molta pleanáilte leis an bhfigiúr a ardú go 100% thar imeacht ama.

Beidh an tuarascáil achtúireachta ar fáil ag comhaltaí na scéime amháin le cigireacht a dhéanamh uirthi agus ní bheidh sí ar fáil le haghaidh cigireachta poiblí.

Scéim Pinsin Fochuideachta BSL

Oibríonn BSL scéim ranníoca sainithe atá ceadaithe chomh maith ar a dtugtar Scéim Pinsin Fochuideachta BSL d'fhostaithe fochuideachtaí BSL. Íocann comhaltaí agus an fostóir ranníoca ag rátaí seasta. Léiríonn na sochair a bhaineann daoine amach agus iad ar scor an ciste a bhí carnaithe ag gach fostaí agus an costas a bhain le sochair a cheannach ag an am sin. Cuirtear árachas ar shochair báis ar bhonn grúpa agus féadfar iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus/nó pinsean marthanóra. Sealbhaítear sócmhainní na scéime i gciste riartha iontaobhaithe ar leithligh. Léirigh an muirear pinsin don bhliain ranníoca sainithe an fhostóra agus iad ag €1.8m (2002: €1.4m)

23. PINSIN (ar lean)

(b) SOCHAIR SCORTHA FRS 17

Táthar ag tuar go nglacfar go hiomlán le FRS 17 – 'Sochair Scortha' don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2005 de réir mholtaí ionchais an Bhoird Caighdeáin Cuntasaíochta. Roimhe seo, cuireadh na faisnéisí aistrithe céimithe a theastaigh ón gcaighdeán san áireamh.

Tá an luacháil a rinne achtúirí neamhspleácha ar an scéim le FRS 17 a léiriú bunaithe ar na sonraí atá á gcur le chéile faoi láthair don luacháil achtúireach dá dtagraítear thuas. Tá achtúirí neamhspleácha ag baint leasa as na sonraí sin le ceanglais FRS 17 a ghlacadh san áireamh le measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ag dáta an chláir chomhardaithe. Luaitear sócmhainní na scéime ag a luach ar an margadh ar dháta an chláir chomhardaithe. Rinneadh an luacháil ag baint úsáide as an modh aonaid fortheilgthe.

Dá mbeadh an t-easnamh nó an barrachas, nó cuid de, áirithe sna sócmhainní glana nó i dtuillimh choimeádta an Ghrúpa, laghdófaí nó mhéadófaí dá réir sócmhainní glana nó tuillimh choimeádta an Ghrúpa.

Boinn Tuisceana

Boinn Tuisceana Airgeadais

Is iad na boinn tuisceana ollmhóra a d'úsáid an tAchtúire le dliteanais na scéime a ríomh faoi FRS 17 ná:

	2003	2002	2001
Ráta úis ar dhliteanais ar lascaine	**5.50%**	5.75%	6.25%
Boilsciú praghsanna	**2.25%**	2.25%	2.25%
Ráta ardaithe tuarastal	**3.50%**	3.50%	3.75%
Ráta ardaithe pinsean in íocaíocht	**3.50%**	3.50%	3.75%

Sócmhainní na Scéime

Tá cuntas ar na rátaí fadtéarmacha aischur atá tuartha an 31 Nollaig 2003, 2002 agus 2001 thíos:

	2003	2002	2001
Ráta aischuir ar infheistíochtaí gnáthscaireanna	**8.00%**	8.25%	8.00%
Ráta aischuir ar infheistíochtaí banna	**4.75%**	4.75%	5.00%
Ráta aischuir ar infheistíochtaí eile	**5.75%**	5.75%	6.50%

23. PINSIN (ar lean)

Sócmhainní sa Scéim an 31 Nollaig 2003, 2002 agus 2001

	2003 €'000	2002 €'000	2001 €'000
Gnáthscaireanna	**1,921,002**	1,554,443	1,936,055
Bannaí	**243,937**	257,953	483,160
Eile	**376,069**	430,668	287,034
	2,541,008	2,243,064	2,706,249
Luach achtúireach ar dhliteanais scéime	**(3,608,805)**	(3,147,997)	(2,826,177)
Easnamh	**(1,067,797)**	(904,933)	(119,928)
Cáin iarchurtha bhainteach	**133,475**	113,117	14,991
Glandliteanas pinsin	**(934,322)**	(791,816)	(104,937)

Anailís ar an méid a chuirfí mar chreidmheas chuig ioncam airgeadais eile i 2003 agus 2002 faoi FRS 17

Tionchar ar Bhrabús Oibríochta an Ghrúpa	2003 €'000	2002 €'000
Costas seirbhíse reatha	**40,631**	31,723
Costas seirbhíse san am a caitheadh	**-**	-
Muirear Oibríochta Iomlán	**40,631**	31,723

Anailís ar an méid a chuirfí mar chreidmheas chuig ioncam airgeadais eile i 2003 agus 2002 faoi FRS 17

Tionchar ar Ioncam Airgeadais eile		
Aischur atá tuartha ar shócmhainní scéime pinsean	**165,776**	197,700
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	**(179,826)**	(175,198)
Glan Aischur	**(14,050)**	22,502
Glan-tionchar iomlán ar bhrabúis tuairiscithe	**54,681**	**9,221**

23. PINSIN (ar lean)

Anailís ar an méid a d'fhéadfaí a aithint i Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Iomlán Aitheanta (STRGL) faoi FRS 17

	2003 €'000	2002 €'000
Aischur iarbhír lúide aischur tuartha ar shócmhainní scéime pinsean	**145,111**	(641,683)
Gnóthachain agus caillteanais taithí tagtha chun cinn ó dhliteanais na scéime	**(211,054)**	(104,546)
Athruithe i mbonn tuisceana déimeagrafacha agus airgeadais	**(132,083)**	(100,245)
Caillteanas achtúireacht a d'fhéadfaí a aithint i STRGL	**(198,026)**	(846,474)

Gluaiseacht easnaimh le linn na bliana	2003 €'000	2002 €'000
Easnamh sa scéim ag tús na bliana	**(904,933)**	(119,928)
Gluaiseacht i mbliaina:		
Costas seirbhíse reatha	**(40,631)**	(31,723)
Ranníocaí	**89,843**	70,690
Costais seirbhíse san am a caitheadh	**-**	-
Ioncam airgeadais eile	**(14,050)**	22,502
Caillteanas Achtúireachta	**(198,026)**	(846,474)
Easnamh	**(1,067,797)**	(904,933)

Stair gnóthachain/caillteanais taithí	2003	2002
Gnóthachain agus caillteanais taithí ar dhliteanais scéime:		
Méideanna (€'000)	**(211,054)**	(104,546)
% de luach reatha na ndliteanas scéime	**6%**	3%
Méid iomlán atá aitheanta i STRGL:		
Méideanna (€'000)	**(198,026)**	(846,474)
% de luach reatha na ndliteanas scéime	**5%**	27%

24. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHASACHA

(a) Oibleagáidí léasa oibríochta

Tá oibríochtaí cíosanna ar léas iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir comhardaithe ó thaobh na léasanna a dhul in éag:

	2003 €'000	2002 €'000
Laistigh de bhliain amháin	**55**	122
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	**2,486**	1,940
Tar éis cúig bliana	**7,382**	5,223
Iomlán iníoctha laistigh de bhliain amháin	**9,923**	7,285

(b) Ceangaltais Chaipitil

	2003 €'000	2002 €'000
	310,962	545,091
Ar conradh do	**76,549**	2,300
Údaraithe ach níl ar conradh do	**387,511**	547,391

Tá an laghdú ar cheangaltais chaipitil maidir le cinn ar conradh mar gheall go príomha ar an laghdú ar cheangaltais le stáisiún móna a thógáil i 2004.

(c) Ceangaltais Chonarthaí Breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha soláthair gáis i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí difriúla suas go dtí 2004. Soláthraíonn na socruithe sin athruithe praghsála a bheidh ag teacht le hathruithe i dtáscairí margaidh fuinnimh intógtha.

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

25. IDIRBHEARTAÍOCHTAÍ PÁIRTÍ BAINTEACHA

Comhlachtaí Leathstáit
Mar aon le comhlachtaí eile, déileálann BSL sa ghnáthchúrsa gnó le comhlachtaí eile atá tionscanta ag an rialtas mar Bord Gáis agus Bord na Móna. Déantar idirchainteanna idir BSL agus Bord na Móna ar chomhaontuithe fadtéarmacha maidir le móin a cheannach do na stáisiúin i Lár Tíre.

Leasa Chomhaltaí an Bhoird
Ní raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird i mBSL ná ina cuid fochuideachtaí ag aon am le linn na bliana lasmuigh de leathdháileadh comhaontaithe faoi ESOP.

Gnóthais Fhochuideachta
Le linn na bliana dár críoch 31 Nollaig 2003 cheannaigh Máthair Chuideachta BSL €62.3m (2002:€86m) ó na fochuideachtaí. Baineann na ceannacháin seo den chuid is mó le seirbhísí innealtóireachta agus comhairliúcháin, a rinne gnóthaí leictreachais.

Le linn na bliana dhíol Máthair Chuideachta BSL €55.7m (2002: €114m) le fochuideachtaí. Baineann na díolacháin sin den chuid is mó le seirbhísí bainistíochta, chomh maith le muirir leictreachais mar muirir a bhaineann le hÚsáid an Chórais agus díolachán leictreachais.

Gnóthais Chomhlachais
Thug BSL faoi idirbheartaíochtaí neamhthuilleamaíocha le hearraí agus seirbhísí a cheannach agus a sholáthar do ghnóthachain comhlachais le linn na bliana. Ar an gcuid ba shuntasaí acu sin bhí conarthaí le America and Caribbean Power le seirbhísí a sholáthar dár luach €1.4m (2002:€15.3m).

Comhfhiontair
Sholáthair an Grúpa seirbhísí dá gcomhfhiontair Synergen and Corby Power Ltd le linn na bliana. Sholáthair BSL seirbhísí do Synergen dár luach €7.5m (2002:€15.2m) agus bhí caipiteal tugtha ar aghaidh chuig an gcomhpháirtíocht acu ar an iomlán ag €134.3m (2002:143.4m) ag deireadh na bliana, agus é maoinithe trí iasachtaí tríú páirtí. Thit an caipiteal a tugadh chun cinn le linn 2003 mar gheall ar díbhinní a fuarthas ó Synergen. Rinne Synergen díolachán de €79.8m (2002:€40.6m) leis an nGrúpa. Soláthraíodh seirbhísí dár luach €5.14m (2002:€5.03m) ar Corby Power Ltd.

26. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Rinneadh corprú ar ESB ESOP Trustee Limited le linn 2001. Faoi na téarmaí ar cruthaíodh ESB ESOP Trustee Limited, níl BSL ábalta smacht a ghlacadh ar shócmhainní ná ar bhainistíocht na cuideachta agus níl aon chearta ag BSL sin a dhéanamh. Tá iontaobhaí gairmiúil neamhspleách ina chathaoirleach ar Bhord na nIontaobhaithe le ceathrar stiúrthóirí ag déanamh ionadaíochta thar ceann fhostaithe BSL agus beirt stiúrthóirí ag déanamh ionadaíochta thar ceann na Cuideachta. Mar sin tá diansriantaí i bhfeidhm a chuireann bac suntasach ar BSL a cuid cearta a chleactadh maidir le sócmhainní agus le bainistíocht na Cuideachta. De réir FRS 2 'Cuntasaíocht do Ghnóthais Fochuideachta', níl na cuntais do ESB ESOP comhdhlúite le torthaí Ghrúpa BSL. Bhí sócmhainní glana ESB ESOP Trustee Limited an 31 Nollaig 2003 ag €76.5m (2002: €76m).

27. GNÍOMHAÍOCHTAÍ IAR-CHLÁR COMHARDAITHE

Níor tharla aon gníomhaíochtaí idir dháta an chláir comhardaithe agus an dáta ar cheadaigh Comhaltaí an Bhoird na ráitis airgeadais, a d'éileodh coigeartú ar na cuntais nó aon faisnéisiú breise.

28. CEADÚ NA GCUNTAS

Cheadaigh an Bord na cuntais an 23 Márta 2004.

29. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR & COMHLACHAS

Ainm na Cuideachta	Oifig Chláraithe	Sciar an Ghrúpa %	Nádúr an Ghnó
Gnóthais Fhochuideachta			
ESB International Ltd	*	100	Cuideachta sealbhaíochta
ESBI Engineering Ltd	*	100	Innealtóireacht
ESBI Engineering (Overseas) Ltd	*	100	Innealtóireacht
ESBI Contracting Ltd	*	100	Conraitheoireacht
ESBI Consultants Ltd	*	100	Comhairliúchán
ESBI Computing Ltd	*	100	Seirbhísí ríomhaire
ESB Ireland Holdings Ltd	*	100	Cuideachta sealbhaíochta
ESBII Technology and Construction	*	100	Giniúint chumhachta
FinancElectric Ltd	*	100	Creidmheas custaiméirí
ESB International Investments Ltd	*	100	Infheistíochtaí idirnáisiúnta
ESBI Facility Management Ltd	*	100	Bainistíocht saoráide
Salmara Holdings Ltd	*	100	Cuideachta sealbhaíochta
ESB Independent Energy Ltd	*	100	Díolacháin leictreachas
ESB Contracts Ltd	**	100	Conraitheoireacht
ESB Power Generation Holding Company Ltd	**	100	Cuideachta sealbhaíochta
Ballyragget Power Ltd	**	100	Tionscadail chumhachta
Gort Windfarms Ltd	**	100	Feirm Ghaoithe
Crockahenny Wind Farm Ltd	**	75	Feirm Ghaoithe
Hibernian Hydro Ltd	**	95	Mionthionscadail hidrea

29. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR & COMHLACHAS (ar lean)

Ainm na Cuideachta	Oifig Chláraithe	Sciar an Ghrúpa %	Nádúr an Ghnó
Gnóthais Fhochuideachta			
Dublin Bay Power Ltd	**	100	Cuideachta sealbhaíochta
Tawnawully Power Ltd	**	100	Giniúint chumhachta
Utilities O&M Services Ltd	**	100	Seirbhísí oibríochta & cothabhála
Hibernian Wind Power Ltd	**	100	Cumhacht gaoithe
ESB Independent Energy NI Ltd	*	100	Díolacháin leictreachas
ESB Retail Ltd	*	100	Miondíol fearais leictreachas
ESB Telecoms Ltd	*	100	Teileachumarsáid
Bizkaia Energia SL	****	100	Giniúint chumhachta
Facility Management Espana SL	****	100	Bainistíocht saoráide
ESBI Engineering UK Ltd	122 London Road Kingston on Thames Surrey KT2 6QJ	100	Comhairliúchán innealtóireachta agus comhairliúchán ginearálta
Electricity Supply Board Services B.V.	Wisma Cyclecarri 286 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur An Mhalaeisia	100	Bainistíocht saoráide
ESBI US Transmission Inc.	2800 Post Oak Road Houston Texas, 77056	100	Cuideachta sealbhaíochta
Electricity Supply Board International Investments B.V.	Strawinskylaan 3105 7ú Urlár 1077 ZX Amstardam, An Ísiltír	100	Cuideachta sealbhaíochta

29. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR & COMHLACHAS (ar lean)

Ainm na Cuideachta	Oifig Chláraithe	Sciar an Ghrúpa %	Nádúr an Ghnó
Gnóthais Fhochuideachta			
Coolkeeragh ESB Ltd	2 Electra Road, Maydown, Doire BT47 6 UL	84	Giniúint chumhachta
ESBII UK Ltd	122 London Road Kingston on Thames Surrey KT2 6QJ	100	Giniúint chumhachta
ESBI Luxembourg SA.	121 Avenue de la Faiencerie L.1511 Luxembourg	100	Cuideachta sealbhaíochta
Power Generation Technology Snd Bhd	Wisma Cyclecarri 288 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur An Mhalaeisia	100	Giniúint chumhachta
Facility Management UK Ltd	122 London Road Kingston on Thames Surrey KT2 6QJ	100	Bainistíocht saoráide
ESBI Georgia Ltd	39 Gamsakhurdia Ave Suite 42 Tbilisi, Georgia	100	Bainistíocht tarchuir
Gnóthais fhochuideachta neamhrialaithe			
ESB ESOP Trustee Ltd	**	100	Scéim Scarshealbhóireachta Foirne
Gnóthais Chomhlachais			
Transpower Ltd	*	50	Forbairt ar thionscadail cumhachta neamhspleách
CPL Operations Ltd	***	50	Bainistíocht saoráide
Saur Utilities Ltd	16 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2	49	Cóireáil uisce agus séarachais

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

29. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTA, COMHFHIONTAR & COMHLACHAS (ar lean)

Ainm na Cuideachta	Oifig Chláraithe	Sciar an Ghrúpa %	Nádúr an Ghnó
Gnóthais Fhochuideachta			
Coolkeeragh Group Ltd	2 Electra Road, Maydown, Doire BT47 1 UL	40	Giniúint chumhachta
Americas and Caribbean Power Ltd	Craigmuir Chambers PO Box 71 Road Town Tortola British Virgin Islands	20	Bainistíocht saoráide
Gnóthais Chomhfhiontar			
Irish Power Systems Ltd	**	50	Giniúint chumhachta
Corby Power Ltd	***	50	Giniúint chumhachta
Synergen	South Bank Road An Rinn, Baile Átha Cliath 4	70[1]	Giniúint chumhachta
Infheistíochtaí			
Rousch (Pakistan) Power Ltd	94-W, 3rd Floor Admir Plaza Jinnah Ave. Blue Area Islamabad An Pacastán	7	Táirgeoir cumhachta neamhspleách

[1] Mar Chomhfhiontar de réir théarmaí Gníomhas Comhpháirtíochta

* Cúirt Stiabhna
18-21 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

** 27 Sr. Mhic Liam Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2

*** Mitchell Road
Phoenix Parkway
Corby
Northamptonshire
N17 1Q7

**** Iparraguirre 29
2a Planta
48011 Bilbao
Spain


Aguisíní



Aguisín 1

CONAS A RIALAÍTEAR BSL

Réamhrá

Le go dtuigfí conas a oibríonn BSL, tá sé tábhachtach a thuiscint conas a rialaítear tionscal an leictreachais in Éirinn. Tagann thart ar 80% de láimhdeachas BSL ó ghnóthaí rialaithe agus míníonn an mhír seo conas a leagann an Rialaitheoir síos praghsanna leictreachas rialaithe.

Déanann Rialaitheoir atá ceaptha ag an Rialtas maoirsiú ar thionscal an leictreachais in Éirinn, ar a dtugtar Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER). Léiríonn an léaráid thuas, i bhfoirm shimplí, conas a dhéantar struchtúrú ar thionscal an leictreachais in Éirinn faoi láthair.

Tá cuideachtaí ginte leictreachais ar thaobh na láimhe clé den léaráid. Tarchuireann na cuideachtaí sin, Giniúint Chumhachta BSL, gineadóirí neamhspleácha, AER (Acmhainní Fuinnimh Ailtéarnacha), gineadóirí agus mórdhíoltóirí ina measc a thugann leictreachas isteach thar an idirchónascaire, an leictreachas a tháirgtear chuig cuideachtaí soláthair tríd na gréasáin tarchuir (voltas ard) agus gréasáin dáiliúcháin (voltas íseal).

Díolann na cuideachtaí soláthair an leictreachas le custaiméirí baile, tráchtála agus tionsclaíoch deiridh. Tá gach custaiméir roinnte i dhá chatagóir faoi láthair (a) cáilithe, atá in ann a soláthróir a roghnú agus (b) neamhcháilithe, iadsan a sholáthraíonn Soláthar Custaiméirí BSL. I 2005, beidh gach custaiméir cáilithe agus iad in ann mar sin athrú chuig soláthróirí eile. Déanann an CER maoirsiú ar an margadh sin agus rialaíonn é.

Creat Oibre Rialacháin

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
Rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) BSL de réir na gcumhachtaí a dílsíodh ann faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999 agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 445 de 2000. Tá ar an gCoimisiún, inter alia,:

- Leas na gcustaiméirí a chosaint,
- Iomaíocht a chur chun cinn,
- A chinntiú go ndéantar freastal ar éileamh leictreachais agus
- Sábháilteacht, slándáil, fuinneamh athnuachana agus éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn.

Áirítear ar chumhachtaí an Choimisiúin infheistíocht gréasáin BSL a rialú, muirir ghréasáin a chinneadh, gléasra nua ginte a údarású, ceadúnais a eisiúint ar rannpháirtithe an mhargaidh agus taraif Soláthar Custaiméirí BSL a rialú.

Tugann CER ceadúnas do BSL chun gréasáin Tarchur agus Dáiliúchán na hÉireann a oibriú. Faoin gceadúnas sin, bíonn gach gné de ghnó na ngréasán faoi réir rialacháin, lena n-áirítear ag leagan síos muirir agus caighdeáin theicniúla.

Beidh gach iontrálaí nua ginte/soláthair in ann rochtain a fháil ar ghréasáin BSL le taraif úsáide córais (an costas a bhaineann le gréasáin voltas ard agus íseal a úsáid) a rialaíonn an CER. Rialaíonn Oibritheoir an Chórais Tarchuir rochtain a bhíonn ag gineadóirí nua ar an ngréasán Tarchuir agus déantar rialú agus bainistiú ar an Oibritheoir go neamhspleách ar fheidhmeanna eile BSL. Rialaíonn an CER gach infheistíocht a dhéantar i ngréasáin Tarchuir agus Dáiliúcháin agus forchuireann an Coimisiún píonóis airgeadais ar BSL sa chás nach sroichtear spriocanna feidhmíochta.

Iomaíocht sa mhargadh
Tá BSL go hiomlán tiomanta as margaí ginte agus soláthair a oscailt suas d'iomaíocht agus tá BSL ag déanamh infheistíochta suntasach leis an iomaíocht sin a éascú.

Tá an margadh ginte leictreachais oscailte go hiomlán d'iomaíocht ó 2000, agus cosc ag CER ar BSL infheistiú a dhéanamh i gcumas giniúna nua fadtéarmach in Éirinn.

Tá an margadh soláthair (díolacháin díreacha chuig custaiméirí) ag oscailt go forchéimneach d'iomaíocht ó 2000, le 40% den mhargadh (i dtéarmaí aonaid díolacháin) oscailte i 2002, 56% oscailte i mí Feabhra 2004 agus 100% oscailte d'iomaíocht ó mí Feabhra 2005. Tá roinnt tionscnamh curtha ar bun ag BSL le hiontráil iomaitheoirí nua a éascú lena n-áirítear:

- Tiomantas le sciar an mhargaidh ghinte a laghdú go 60%.
- Cumhacht mhiondíola a dhíol le soláthróirí nua ar lascaine le cur ar a gcumas bonn custaiméir a fháil sula ndéanann siad coimisiúnú ar a nginiúint féin. Tugtar ceant TCNF (VIPP) ar an bpróiseas sin. Ciallaíonn TCNF Táirgeoir Cumhachta Neamhspleách Fíorúil.
- Infheistíocht ollmhór i gcórais TE agus in infrastruchtúr bhainteach le hoibríocht an mhargaidh iomlán oscailte a éascú.
- Ag tairiscint conradh 10 mbliana do bhuaiteoirí an chomórtais do chumhacht os cionn 500 meigeavata, a reachtáil an CER le déanaí.

Rialachán Ioncaim

Tá an praghas a ghearrtar ar an mbille leictreachais baile comdhéanta as chúig chomhpháirt atá rialaithe astu féin;

1. Costas táirgthe mórdhíola fuinnimh (GEN),
2. Úsáid tarchuir as muirir chórais (TUOS),
3. Úsáid dáiliúcháin as muirir chórais (DUOS),
4. Corrlach téarnaimh costais oibríochta do ghnó Soláthar Custaiméirí (CS) agus
5. Tobhach Oibleagáide Seirbhíse Phoiblí (PSO).

Aonad Praghais Leictreachais
Tugann an píchairt thíos anailís ar meánphraghas aonaid leictreachais do 2003 sna cúig chomhpháirt. Ní hamháin go n-áirítear costais ghinte BSL leis na comhpháirteanna ginte a bhfuil cur síos déanta orthu thíos ach áirítear leo chomh maith costais mar ghiniúint ar an scála íseal, corrlach acmhainne agus na costais a bhaineann le cumas buacadh gearrthéarmach.



Is míniú é seo a leanas ar an gcineál rialacháin a bhaineann le gach ceann de na comhpháirteanna:

Praghas fuinnimh Mórdhíola Giniúna Cumhachta
Is iad an CER a rialaíonn praghas mórdhíola giniúna faoi láthair. Glacann an praghas a leagtar síos léargas CER ar an bpraghas atá ag leictreachas ar an margadh san áireamh, chomh maith le hathbhreithniú ar chostais ghiniúna BSL agus corrlach brabúis rialaithe. Tá an modheolaíocht maidir le rialú praghsanna a úsáideann an CER leagtha amach sa Chonradh Dílseacháin idir ghnóthaí Giniúna agus Soláthar BSL.

Muirir Úsáide Córais Tarchuir agus Dáiliúcháin
Aistríonn gréasán tarchuir leictreachais cumhacht ó stáisiúin ghiniúna chuig bulcphointí soláthair, a cheanglaíonn leis an gcóras dáileacháin le voltas níos ísle. Mar Úinéir Sócmhainní Tarchuir, (ÚST – a fuair ceadúnas ó CER i 2001) is le Gréasáin BSL an gréasáin tarchuir agus tá siad freagrach as an ngréasán tarchuir a thógáil agus a chothabháil. Aistríonn an gréasán dáiliúcháin leictreachais cumhacht ó na bulcphointí soláthair chuig an gcustaiméir leictreachais. Mar Oibritheoir Córais Dáiliúcháin (OCL – a fuair ceadúnas ó CER i 2001) is le Gréasáin BSL an gréasán dáiliúcháin agus tá siad freagrach as an ngréasán dáiliúcháin a phleanáil, é a thógáil, chomh maith le cothabháil an ghréasáin agus é a oibriú. Rialaítear ioncam Gréasáin BSL (Tarchur agus Dáiliúchán) ar bhonn cúig bliana le coigeartuithe bliantúla le héagsúlachtaí a aithint mar leibhéil ídithe a bhíonn ag athrú, etc. Cuireann na soláthróirí ansin na muirir seo isteach i mbillí a gcuid custaiméirí.

Corrlach Soláthair Custaiméirí
Rialaítear ioncam ghnó Soláthar Custaiméirí BSL ar bhunús méid chostais oibríochta an ghnó, de réir mar a cheadaíonn an CER sin agus corrlach beag ar luach iomlán an díolacháin. Leagann CER síos raon spriocanna éifeachtúlachta agus seirbhíse custaiméirí, agus beidh ar ghnó Soláthar Custaiméirí BSL na spriocanna sin a bhaint amach.

Tobhach Oibleagáide Seirbhíse Phoiblí
Tá ceanglas ar BSL, de réir reachtaíochta, conradh a fháil ó ghineadóir neamhspleách agus úsáid a bhaint iad féin as méid forordaithe giniúna móna agus conarthaí a bhronnadh ar na daoine a n-éiríonn leo i gcomórtais Fuinneamh (athnuachana) Ailtéarnach an Rialtais. Faigheann an Tobhach Oibleagáide Seirbhíse Phoiblí, a bhíonn le feiceáil as féin ar bhille an chustaiméara, is cuma cad é an soláthróir, an costas farasbairr a bhaineann le móin a chur ar chonradh/a úsáid le haghaidh giniúna leictreachais agus le haghaidh fuinneamh athnuachana a cheannach.

ACHOIMRE

Leagann comhiomlán na sruthanna ioncam a rialaítear ar leithligh i gcás gach ceann de na gnóthaí thuas síos an bunús don taraif a bhíonn le feiceáil i mbillí de chuid BSL. Is de bharr costais táirgthe leictreachais go príomha a bheith ag ardú a d'fhógair an CER le gairid go bhfuil siad chun praghsanna a ardú, chomh maith le Oibleagáidí Seirbhíse Phoiblí (OSP'anna) agus athchóiriú ollmhór ar ghréasáin BSL atá ag dul in aois.

Léiríonn an t-athchóiriú sin an riachtanas atá ann an t-infrastruchtúr leictreachais náisiúnta a athchóiriú agus a leathnú, rud nach mbíonn i gcuid mhaith cásanna in ann déileáil leis an bhfás atá ag teacht ar éileamh an chórais le deich mbliana anuas, go háirithe in áiteanna i dTuaisceart agus in Iarthar na tíre.

Aguisín 2

Cuidiú le Geilleagar na hÉireann

Le linn 2003 do ranníoc BSL thart ar €2bn in Éirinn i bhfoirm párollaí, rátaí, ceannaigh fuinnimh, muirir úis, dibhínní agus cáin. Is ionchur mór é sin do gheilleagar na hÉireann i dtéarmaí fostaíochta, (díreach agus indíreach) agus caiteachas i bpobail áitiúla ag léiriú tiomantas BSL d'Éirinn.



Caitheamh i nGeilleagar na hÉireann
In 2003, chaith BSL os cionn €1bn le soláthróirí de chuid na hÉireann. Caitheadh an t-airgead ar raon leathan tionscadail tógála, earraí agus seirbhísí. Chomh maith leis sin sileann cuid mhaith den chaitheamh sin isteach i bpobail a bhfuil BSL ann. Is cuideachaí dúchasacha cuid mhaith de na soláthróirí ardfheidhmíochta, tá bonnáit déantúsaíochta ag cuid mhaith acu in Éirinn.

Fáil agus Margaí Nua
De réir mar a d'fhás BSL agus a rinne infheistíocht ina ghnó tá leathnú déanta ag an gcuideachta ar an raon seirbhísí agus ar an ábhar a fhaigheann sí. Is sampla é an Clár Athnuachana Gréasáin ar an gcaoi a bhfuil deiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta gnó oscailte suas den chéad uair. Tá roinnt conraitheoirí atá bunaithe in Éirinn ag oibriú anois sa ghnó foirgníochta línte in airde agus ar an an mbealach sin tá siad ag cruthú acmhainn scileanna dúchasach nua don mhargadh baile. Cruthófar thart ar 250 post nua conartha dá bharr sin.

Fáil agus Tionscadail Nua
Cuidíonn infheistíochtaí i dtionscadail chumhachta nua le cruthú post agus deiseanna soláthróra. Tá BSL ag infheistiú thart ar €460m ar dhá stáisiún dóite móna nua i réigiún lár tíre. Le linn chéim na tógála cruthóidh West Offaly Power agus Lough Ree Power thart ar 1,200 post sa réigiún agus gheobhaidh conraitheoirí agus soláthróirí áitiúla conarthaí ar fiú thart ar €110m iad. Is cúnamh maith é sin don gheilleagar áitiúil.

Córais Íocaíochta
Imní mhór dár gcuid soláthróirí ná go bhfaighidh siad íoctha de réir théarmaí na gconarthaí. Tá BSL ag iarraidh go nglacfadh a gcuid soláthróirí leis na modhanna íocaíochta is éifeachtaí a bhíonn cuí don chatagóir caiteachais. I gcás caitheamh luach níos ísle tá Cártaí Fála eisithe chuig 1,700 dár bhfoireann. I 2003 rinneadh éascú ar €3m i gcaiteachas áitiúil tríd an modh íocaíochta sin.

Aguisín 3

Tuairisc Bhaill an Bhoird ar Chomhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Treoir 2000/35/EC ón AE

Réamhrá

Rialaigh dhá mhír reachtaíochta íocaíochtaí pras le linn 2003:

- An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus baineann le hearraí agus seirbhísí arna soláthar chuig BSL ó Sholáthróirí Éireannacha tar éis an dáta sin
- tháinig Treoir 2000/35/EC ón AE chun cur in aghaidh íocaíochtaí malla in idirbhearta tráchtála in áit na reachtaíochta thuas nuair a tháinig sí i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2002. Baineann an Treoir sin le hearraí agus seirbhísí arna soláthar chuig BSL ag soláthróirí a bhíonn bunaithe san AE.

Ráiteas faoi chleachtais íocaíochta lena n-áirítear tréimhsí íocaíochta caighdeánacha
Feidhmíonn BSL polasaí sonraisc soláthróirí nach mbíonn díospóid fúthu a íoc laistigh de théarmaí aontaithe íocaíochta. Is iad na téarmaí a bhíonn sonraithe san ordú ceannaigh caighdeánach ná glan míosúil. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile feidhmiú sa chás go n-aontaítear conradh ar leithligh leis an soláthróir.

An Treoir a Chomhlíonadh
Comhlíonann BSL ceanglais na reachtaíochta maidir le gach íocaíocht soláthróirí seachtracha laistigh den AE.

Nósanna Imeachta agus Rialuithe bunaithe
Tá rialuithe airgeadais inmheánacha feidhmithe chun comhlíonadh an Achta a chinntiú lena n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir. Ní féidir leis na nósanna imeachta sin ach cinnteacht réasúnach agus ní cinnteacht absolóideach a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha ó thaobh an Achta.
Sonraí íocaíochtaí úis maidir le 2003:

Mionsonraí na n-íocaíochtaí malla i ndáil le 2003:	
Líon iomlán íocaíochtaí malla	2,951
Luach iomlán íocaíochtaí malla	€23,914,106
Luach iomlán íocaíochtaí malla mar % de luach iomlán íocaíochtaí déanta:	1.1%
Luach iomlán úis íoctha:	€137,049

Tadhg O'Donoghue Cathaoirleach

Padraig McManus Príomhfheidhmeannach

23 Márta 2004

Photography by Jackie Knickerson.
Cover shot taken from the chimney at Chief O'Neills, Smithfield.